2016. M5

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016***

# *Gaeilge Gnáthleibhéal*

## Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

**Dé Luain**
**13 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50**

## Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **Cuid I: Cluastuiscint** | |
| **Na hIomláin** | |
| **Cuid A, Fógra 1** | |
| **Cuid A, Fógra 2** | |
| **Cuid B, Comhrá 1** | |
| **Cuid B, Comhrá 2** | |
| **Cuid C, Píosa 1** | |
| **Cuid C, Píosa 2** | |
| **Iomlán** | |

| | |
|---|---|
| **Eolas** | |
| **Gaeilge** | |
| **Móriomlán** | |

**Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.**

# Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.**

**Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.**

---

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén t-ainm a bheidh ar an lá speisialta seo? | |
| Cén uimhir theileafóin atá ag oifig Chonradh na Gaeilge? | |
| Cad a gheobhaidh gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa lá speisialta seo? | |
| Cad é an lá deireanach le scoláirí a chlárú don dúshlán seo? | |

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cá fhad a mhairfidh an cúrsa seo?

______________________________

**2.** **(a)** Scríobh síos **dhá** áit a mbeidh taithí oibre le fáil sa tríú bliain.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(b)** Cé mhéad áit atá ar fáil ar an gcúrsa?

______________________________

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cathain a chríochnaigh Seán scrúduithe an tsamhraidh?

---

**2.** Cad a cheap Seán de na scrúduithe?

---

***An Dara Mír***

**1.** Cá fhad a chaith Clíona ag obair le páistí óga san India?

---

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a ceannaíodh leis an airgead.

---

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Máire aréir?

---

**2.** Cad a rinne Máire nuair a ghlaoigh an bainisteoir amach a hainm?

---

***An Dara Mír***

**1.** Cad a dúirt Liam faoi imreoirí na hAirgintíne?

---

**2.** Cad a bhíodh ar siúl ag Paul O'Connell in Ollscoil Luimnigh agus é ina leaid óg?

---

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cén t-ainm atá ar an ngrúpa a luaitear sa phíosa seo?

**2.** Cad a sheol an grúpa seo ag Oireachtas na Samhna i mBaile Átha Cliath?

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cathain a fuair Micheál Ó Cearna bás?

**2.** Cad a bhíodh ar siúl ag Micheál Ó Cearna in Springfield?

# Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) An samhradh seo caite.

(ii) An caitheamh aimsire is fearr liom.

(iii) An fón póca.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Bhí mé féin agus mo chara amuigh i mbád beag ar an bhfarraige. Thosaigh stoirm mhór. Bhí eagla an domhain orainn …

**nó**

(ii) D'fhág an traein an stáisiún. Bhí mo chara in éineacht liom. Bhíomar ag súil go mór leis an lá …

## C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

(i) Bhí tú ar thuras scoile le déanaí.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin turas scoile sin.

**nó**

(ii) Tá tú díreach tagtha abhaile ó ócáid mhór spóirt.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin ócáid mhór spóirt sin.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

(i) Tá cónaí ort faoin tuath ach is sa chathair atá cónaí ar do chara.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoi na difríochtaí atá idir an saol faoin tuath agus an saol sa chathair.

**nó**

(ii) Is maith leat an t-ionad siopadóireachta nua atá díreach oscailte sa chathair ach ní maith le do chara é.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ionad siopadóireachta nua sin.

# Leathanach Bán